€3

# Guth Ghoill






# Bád Dhoire

Cnuasach *Bigger & McDonald*. Le córtas *Libraries NI*.

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.

**Ar an Chludach :**
Páistí ar Chéidh Dhoire, 1963.
Lucht na hImirce .

# Clár:


| | |
|---|---|
| Coirnéal Nan | 2 |
| Blianta an Chaddyáil | 8 |
| Bád Dhoire | 17 |
| An Coileach i bPurgadóir | 24 |
| Gáinne Mór—Seanphictiúr | 28 |
| Muisleac - Seanphictiúr | 28 |




# Coirnéal Nan

Nuair a bhí mé i dtrátha seacht mbliana d'aois bhí mé amuigh ag buachailleacht maidin amháin agus bó ghorm faoi mo chúram. Cha raibh ach trí bhó ag m'athair, bó dhonn agus bó dhubh a bhí sa bheirt eile agus leoga bhí siad uilig a dhíobháil mar tógadh dosaen de theaghlach i dteach beag s'againne. Bhí mo dheirfiúr Bríd ag coinneáil súil ar an bhó dhonn, bó a bhí chomh ciúin soineanta le huan agus bhí an bhó dhubh, bó níos ciúine arís, ina pheata faoi smacht Thomáis, mo dheartháir. Cibé ar bith bhí an bhó ghorm crosta go leor agus de thairbhe sin tugadh domhsa í mar go bea mise an duine ab óige den triúr. 'Sé'n gnás a bhí ann ag an am ná na ba a thabhairt amach ón bhóitheach roimh am scoile agus iad a chur ag innilt thart ar imill na gcuibhreann nó na ngarraithe ina raibh barr ag fás. Bhí Bríd agus a huan de bhó i ngarraí na bprátaí. Cha dtiocfadh leat bó chrosta a ligean isteach ansin mar dá mbrisfeadh sí ar shiúl uait bheadh na barraí uilig briste agus cha bheadh práta beag ná mór agat don Gheimhreadh. Bhí Tomas agus an peata go suaimhneach sa gharraí ina raibh an cabáiste, na tornapaí agus na glasraí eile ag fás. Bhí mé fhéin is an diabhal de bhó ghorm

sa chuibhreann bheag ina raibh an coirce. Ó thaobh na haimsire de bhí maidin bheag ghalánta ann, an teocht ag éirí de réir a chéile agus an drúcht ag fliuchadh do chos. Luath is eile is a bhí sé bhí drantán na mbeach le cluinstin agus féileacáin go flúirseach le feiceáil ag tuirlingt ar an aiteann bhuí.

Bhí mé ag foghlaim cnapán paidreacha ag an am is mé ag ullmhú don chéad chomaoineach is bhí mé ag ligint orm fhéin gur i nGairdín Éidin a bhí mé. Ach ansin chífinn an bhó ghorm agus í ag greadadh a rubaill ó thaobh go taobh, súil amháin aici ar an choirce agus súil eile aici ormsa. Ghlanfadh an radharc sin Gairdín Éidin amach as do mheabhair cineál tapaidh.

Bhí go maith is cha raibh go holc go dtí gur scairt mo mháthair orainn le muid a chur na scoile. B’fhearr liom an mháistreás chrosta lá ar bith ná an bhó ghorm agus lig mé scread áthais amach asam go raibh mo sheal léi thart fá choinne lá eile. Bhí mé go díreach ag foscailt an gheafta nuair a thug mé fá deara dhá shúil fhiánta na bó goirme ag amharc orm agus thit an croí ionam.

Tá daoine ann agus deirtear go bhfuil cumhacht na tairngreachta acu agus go dtig leofa an todhchaí a fheiceáil. M’anam le Dia go raibh an chumhacht sin ionamsa an mhaidin sin. Bhí a fhios agam caidé a bhí sí dul a dhéanamh. Labhair mé chomh bog ciúin is a thiocfadh liom léi.

“Goitse a shúgie bhig,” a dúirt mé. “Sin an ghirseach mhaith.” Ach aird nó éisteacht cha dtug sí domh agus d’imigh sí le rása isteach i lár an choirce agus mé fhéin ina diaidh. Suas is anuas a chuaigh muid agus í ag stopadh achan chúpla coiscéim le lán a béil den choirce ghlas mhilis a shlogadh siar. Bhí mé fhéin ag béiceadh agus ag impí cuidithe mar cha raibh dóigh ar bith a bhfaigheadh girseach óg cosúil liomsa smacht ar an ghraoisín de bhó anois. Chuala mé mo dheartháir Tomás ag gáire fúm agus chonaic mé Bríd is a cosa in airde aici is í ag dul i dtreo na coimíneachta leis an bhó dhonn. Bhí mé fágtha liom fhéin. Sa deireadh thiar thall b’éigean do m’athair theacht leis an mhadadh le hí a chur amach.



Bhail, tá me ag insint daoibh, bhí an cuibhreann

beag sin ina phrácás.

Char dúirt m'athair a dhath liom. D'amharc sé ar an choirce a bhí ina luí thart mar a bheadh feamainn ar an trá i ndiaidh an Scoith Bhuí, chroith sé a cheann agus shiúl se leis. Char mhiste liom dá bhfosclódh an talamh agus mé a shlogadh siar ag an bhomaite sin.


Cad chuige a bhfuil mé ag insint an scéil sin daoibh? Bhail, dúirt mise le mo mháthair an tráthnóna sin nach rachainn amach ag buachailleacht a choíche arís is an bhó ghorm faoi mo chúram.

'Sé'n rud a dúirt sí liom ná, " bí cúramach leis an fhocal 'choíche', a thaisce, mar níl a fhios agat caidé atá romhat." Char thuig mé í ag an am ach tuigim anois caidé a bhí sí ag rá.


I bhfad níos faide anonn i mo shaol is mé pósta thíos i nDún Dúbhain bhí lánúin Gearmánach ag stopadh liom. Seo deireadh na seachtóidí agus bhí mé ag dul don B&B ag an am. Lá grianmhar, brothallach, Samhraidh amháin is an taoide amuigh d'inis mé dófa go raibh mé ag dul siar go báighe Thrá na Rosann le duileasc a bhailiú. Bhí leacacha ansin ar thaobh Chnoc na Sleá, díreach sula rachfá amach a fhad le Poll na Gréine, agus gheofá neart duilisc orthu ach an sruth trá ceart a bheith ann.

Dochtúir a bhí san fhear agus iar-bhanaltra a bhí sa bhean. Níl a fhios agam cén aois a bhí siad ach bhí blagaid ar an fhear agus bhí féasóg mhór, chatach, dhonn air agus stríoca liatha le feiceáil ann. Bhí an bhean meánaosta ach leis na héadaí a bhí uirthi agus an dóigh a bhí a cuid gruaige scoite déarfainn gur hippie a bhí inti lá den tsaol.

D'impigh siad cead uaim dul liom agus nach cinnte go bhfuair siad an cead sin mar cha raibh sé dul a chur isteach ná amach ormsa cé acu mé a bheith i m'aonar nó mé i gcomhluadar. 'Sé an t-aon eagla a bhí orm ná go mbeadh deacracht ag an fhear siúl an



fhad sin mar bhí sé chomh trom toirtiúil le fear ar bith dá bhfaca mé ariamh. Chan dreoilín ar bith a bhí ionamsa ach bhí an boc seo troigh níos airde agus deich gcloch níos troime ná mé fhéin. Chan ag magadh atá mé! Bhí bolg air cosúil leis an bholg a bhí ar an bhó ghorm a luaigh me níos luaithe sa scéal.



I ndiaidh sin is eile, lena cheart a thabhairt dó, shiúil sé amach taobh an chnoic mar a bheadh gabhair fireann ann agus bhí sé soiléir gur fear a bhí ann a raibh grá aige don tsaol taobh amuigh nó 'the great outdoors' mar a thugtaí air.


Cibé ar bith, leis an triúr againn ag tógáil duilisc char ghlac sé i bhfad dúinn cúpla mála a líonadh agus thug muid aghaidh ar an bhaile. Mála amháin liomsa agus an mála eile leis an fhear mhór.

Ar chosán caorach a bhí muid agus bhí mise amuigh chun tosaigh agus an bheirt mo leanstan duine i ndiaidh an duine eile. Cha raibh mé ag tabhairt mórán airde orthu go dtí gur chuala mé an plab seo ar mo chúl. D'amharc mé thart is bhí an fear, Guntar a bhí air, i ndiaidh léimint isteach san fharraige agus bhí a bhean, Hilda a bhí uirthise, ina sheasamh is éadaí Ghuntar ina lámha aici.

Bhí an bheirt acu ag gáire, ise ar an talamh tirim agus eisean san fharraige. Bhí siad ag scairteadh lena chéile ina dteanga fhéin agus char thuig mé focal da raibh le rá acu. Sin ráite cha raibh sé doiligh déanamh amach go raibh Guntar Mór ag iarraidh Hilda a mhealladh le dul isteach san uisce. Sula raibh a fhios agam caidé a bhí ag tarlú shín sí na héadaí chugamsa. B'éigean domh mála an duilisc a chur ar an talamh le hiad a ghlacadh agus ansin chaith sí di achan snáithe de chuid éadaí s'aici fhéin agus léim sí isteach le plab san uisce.

Cha dtiocfadh liom a chreidbheáil caidé a bhí i ndiaidh tarlú.

Mar a deir siad sa Bhéarla cha raibh 'stich' uirthi agus 'sé'n eagla a bhí ormsa ná go raibh an fear mór mar an gcéanna.



D’amharc mé ar na héadaí a bhí i mo lámha agam agus thit an croí asam nuair a chonaic me brístí beaga an fhir mhóir ina shuí go bródúil ar mhullach an charnáin.

Cha raibh a fhios agam caidé le déanamh agus chuir mé paidir chun na bhflaithis nach dtiocfadh duine ar bith de na comharsana mo threo. Sin an phaidir nár freagraíodh mar an chéad rud eile chuala mé madadh ag tafann is beirt fhear áitiúil ag teacht isteach ó chúl an chnoic agus slat iascaireachta agus sreang iasc le achan fhear acu. Bhéarfaidh mé Bill agus Bob orthu sa scéal seo marníl me ag iarraidh a gcuid ainmneacha fhéin a úsáid cé go bhfuil an bheirt acu ar shlua na marbh le blianta fada anois. Go mbeidh Dia maith dófa.

Bhí mé mo sheasamh thíos in aice na farraige agus mo chúl leo agus mé ag súil nach dtabharfadh siad mé fá deara. Nach soineanta a bhí mé. An chéad rud eile chuala mé, “Bhail, a Nan. Scéal úr ar bith?”

Bhí a fhios agam caidé’n cineál scéal úr a bheadh ag gabháil thart faoin áit muna dtiocfadh liom fáil réitithe de na fir seo.

“Chan rómhinic a d’fheicfí thusa amuigh anseo, a Nan,” arsa Bill liom.

“Sea,” arsa Bob, go magúil, agus é ag cur a shreang iasc ar an talamh. “Agus tá an níochán leat.”

D’amharc Bill ar na héadaí. “Nach fanciáilte na brístí beaga atá Neil ag caitheamh ar an aimsir seo,” a dúirt sé, agus thosaigh an bheirt ag gáire.

“Bhail leoga chan le Neil iad,” a dúirt mé, agus go leor nimhe i mo ghlór. “Ach is leis na Gearmánaigh thíos ansin na héadaí seo.” Chuir Bill a shreangsan ar an talamh fosta agus ghlac sé coiscéim chun tosaigh is é ag amharc san uisce. Mar atá ráite agam cheana fhéin lá grianmhar a bhí ann agus bhí an t-uisce chomh glan sin go dtiocfadh leat an gaineamh ar an ghrinneall a fheiceáil go soiléir. Ghlacfá a bheith dall gan nochtacht na beirte a aithint. “An bhfuil a fhios agaibh seo,” arsa Bill, agus iontas ina ghlór, “m’anam le Dia, níl stitch ar aon duine den bheirt acu.” “Ag magadh atá tú,” arsa Bob, agus ghlac seisean cúpla coiscéim chun tosaigh fosta. “Tá an ceart ag Bill,” arsa mise, “agus tá sé go réidh agaibhse na bonnaí a bhaint as sula dtagann siad amach as an uisce.





Thosaigh an bheirt ag gáire. “Sula dtagann siad amach as an uisce?” arsa Bob. “Chan amadáin ar bith na Gearmánaigh. Cha dtagann siad amach as an uisce agus an bheirt againne anseo.” Shílfeá gur chuala an lánúin iad mar amach as an uisce a tháinig siad. Sheas an fear mór ar an charraig cúpla slat thíos fúinn agus scairt sé leis an bheirt. “Hello, my friends.” Tháinig Hilda amach ansin agus thug sí wave don bheirt agus aoibh mhór ar a haghaidh. “Hi,” a dúirt sí, agus thosaigh an bheirt ag tarraingt orainn gan unsa de náire iontu.

Bhail, cha raibh seanchaint ar bith ó Bill agus Bob anois. Dhearg an dá aghaidh orthu agus an chéad rud eile d’imigh siad leo mar a bheadh dhá chat scalta ann.

“Hói, a fheara,” a scairt mé leofa, “d’fhág sibh na héisc bhur ndiaidh.”

Tá a fhios agam gur chuala siad mé ach amharc thart amháin cha dearna siad. Bhí iontas ar an lánúin nuair a chonaic siad na héisc.

“Bronntanas atá ann,” a dúirt mé leo. “Bronntanas fáilteach ó na comharsana.

Chuir sin lúcháir an domhain orthu. “Is mór an trua,” a dúirt mé leofa, “nach bhfuil tuáille libh le sibh fhéin a thriomú.”

Thóg an fear mór an dá shreang iasc agus shiúil sé leis is é ag míniú domh go mbeadh siad breá tirim sula mbeadh siad sa bhaile.

Shiúil mé fhéin go mall ina ndiaidh sa dóigh is nach mbeinn le feiceáil ina gcomhluadar ach achan uair a rinne mé sin, stad siad go dtí go mbeinn a fhad leo arís. Turas fada na bhaile a bhí ann tá me ag insint daoibh, agus gheall mé domh fhéin nach rachainn a chóir uisce le turasóirí a choíche arís. Focal contúirteach ceart go leor. Rud maith amháin, amach ón duileasc, a tháinig amach as an lá, ná go raibh súilíní don dinnéar againn don chuid eile den tseachtain. Iasc den scoth.

Creid é nó ná creid, a fheara, ach sin an scéal.

*Beidh tuilleadh faoin lánúin seo sa chéad eagrán eile.*





An Rosapenna sa tsean-am

# Blianta an Chaddyáil

***Le Eoghan Ó Luadhóg.***

Thug muid an 'Caddy House' air agus rinne muidinne mar pháistí freastal air ó Cháisc go deireadh an tSamhraidh, seo le linn na laethanta saoire ón scoil. Dhéanfadh muid uilig ár mbealach, páistí ó ocht mbliana go sé bliana déag, i dtreo Óstán Ros na Binne; chuireadh an boladh sin a tháinig ó dhódh ola sa choire-theach (boiler house) agus tormán na n-inneall ón teach níocháin in iúl dúinn go raibh muid ag dul an treo cheart. Ansin bhí na toir nó na crainn bheaga mar a tugadh orthu, anois thiocfadh leosan scéal nó dhó a insint! 'hm hm'.

Ar thaobh na láimhe deise bhí an t-óstán maorga fhéin, lena vearandaí cumhdra adhmaid (wooden cladded verandahs), lena obair phéinte dhubh agus bhán agus fuinneoga saise. Corruair chluinfeá macalla an cheoil ó cheolfhoireann (orchestra) Gary Miller agus iad ag cleachtadh ar a réimse laethúil ceoil do léiriú na hoíche sin sa bhialann, áit a mbíodh bodaigh mhóra na linne sin ag líonadh a mbolg ar scoth an bhidh agus na fíona i dtimpeallacht dhraíochtúil. Is cosúil nach raibh sárú na fuaime, mar a bhí sé sa bhialann, le fáil, ba seo de thairbhe go dtug an struchtúr adhmaid i measc na méilte fuaim ar leith uaidh. Bhí an 'Blue Danube' agus an 'Viennese Waltz', tá mé cinnte, thuas ar bharr an liosta, bhí draíocht ag baint le seo ar fad. Bíonn sé blianta ina dhiaidh sin go dtí go dtuigeann tú agus go mbaineann tú sásamh as an chineál saoil a deachaigh muid i dtaithí air inár n-óige.

## Teach na gCaddies. ( An Caddy House).

Corradh is céad slat ar shiúl ón óstán a sheas an caddy house. Shroichfeá é luath ar maidin agus tú ag dúil go mór lena raibh romhat don chuid eile den lá. Mhothaigh tú sort slán comh luath agus gheobhfá fáilte ó mháistír na gcaddies (caddymaster). Ba Stephen Ó Sibhleáin (Stephen a'Phartholáin) a bhí i gceannas ar na caddies nó Stephen Mór mar ab fhearr aithne air, fear breá go ndéana Dia trócaire air. Bhí tréithe breátha ag Stephen, é gléasta dá chuid oibre ina chulaith ghorm, a charabhat, a bhróga snasta dubha agus le dhul le seo bhí croiméal guaireach agus píopa kp. Mhothaigh mise, mar a mhothaigh daoine eile, go raibh sé mar an dara athair mór againn. Bhí rialacha áirithe arbh éigean dúinn cloí leo



Stephen Ó Sibhleáin le Jacob Mac Giolla Choinnigh, an fear a bhí ag obair mar 'Caddymaster' roimh Stephen. Tá siad ina sheasamh os comhair sheanteach na gcaddies.



Teach na gCaddies mar atá sé anois.

agus ceann acu sin ná go gcaithfeá 1p a thabhairt don chaddymaster achan uair a gheobhfá amach a chaddyáil, táille beag go leor, is dócha, don 5scillinge a shaothraigh muid don ocht bpoll déag. Cha raibh ort a thabhairt dó ach dá mbeifeá ag iarraidh fanacht ar an taobh cheart de Stephen Mór bheadh sé níb fhearr agat é a íoc, bhí cuimhne mhaith ag an fhear chéanna!

**An Cúrsa Gailf.**

Ba Tom Morris a leag amach an cúrsa gailf – na chéad ocht bpoll déag a bhí ansin – an fear céanna a bhí freagrach as Lahinch agus Carnoustie agus go leor eile. Le linn dó a bheith ar cuairt i nDún na nGall d'fhan sé, mar aoi, i mainteach an Tiarna Liatroma ar an Mhaol Ruaidh. Chonaic sé cé comh oiriúnach agus a bheadh cúrsa gailf ar an limistéar talaimh sin thart leis an chósta. Rugadh Tom Morris ar an 16ú lá de Mheitheamh 1821 agus fuair sé bás ar an 24ú lá de Mhí na Bealtaine 1908.

Ag dul ar ais chuig teach na gcaddies, ba anseo a bhíodh corradh agus deich gcaddy is fiche ina sheasamh thart, ina shuí thart, nó ag bocléimnigh thart fá theach na gcaddies, fá na bruacha nó fán léana i ndeas dó; iad ag feitheamh le huaisle a theacht ón óstán a bheadh ag lorg caddy. Nuair a d'fheicfí galfairí ag teacht aníos an cosán i dtreo theach na gcaddies bheirfeadh na caddies ruathar sa treo sin fosta, bhíodh siad mar a



Dealbh de Tom Morris ag Pavillion Ros na Binne

**Scaifte Caddies ag tús an 20ú aois. An seanóstán ar a gcúl.**



bheadh tréad caorach ag rith i dtreo an gheafta, áit a mbeadh an feirmeoir tagtha le biadh. Thiocfadh na huaisle chuig Stephen agus iad ag lorg caddy maith a dtiocfadh leo brath air. Ag an phointe seo bhíodh na caddies uilig cruinnithe thart ar Stephen agus bheadh an ruaille buaille ceart ann ansin, iad crochta as an fhear bhocht, iad ag tarraingt achan bhall dá chuid éadaigh, thosódh an scairteach, iad ag impí is ag achainí air -- '…domhsa round a Stephen, domhsa round' agus ansin cuid acu ag déanamh cás láidir, 'cha raibh mise amuigh inné' nó 'cha raibh mise amuigh le cúpla lá'. Níl mé cinnte caidé'n dóigh ar éirigh le Stephen déileáil go macánta leis na hócáidí seo agus ag an am chéanna srian a choinneáil ar a chuid feirge ach sílim go raibh an phearsantacht aige a chuidigh leis seo a dhéanamh. Bhí ar Stephen rogha a dhéanamh ansin, caddy amháin a roghnú nó b'fhéidir go mbeadh triúr nó ceathrar caddy a dhíth. Ach de ghnáth i gcaitheamh an lae gheobhadh cuid mhaith de na caddies amach a chaddyáil. Bhí sé mar ghnás ag an am fosta go gcuirfí na caddies ab óige amach leis na mná.

Níl mé cinnte caidé'n dóigh a chonaic na huaisle muidinne na blianta sin, caithfidhse gur shíl siad muid a bheith fiáin go maith agus leath ar mire – páistí agus stócaigh óga ina rith thart i seancheirteacha agus iad ag béiceach, ag liúireach, ag argóint, ag troid agus ag mallachtaigh i dteanga nach raibh tuigbheál ar bith acu di. Tá mé cinnte go bhfaca siad go raibh muid i ngreim na bochtaineachta.

## 'Doubler'

Ansin corruair siar sa lá agus na caddies ag éirí gann gheobhadh an mhuintir ba sine deis dhá mhála a iompar--- an 'doubler' a bheirtí ar seo! Nuair a rachadh gasúr na hocht bpoll déag le dhá mhála throma ar a dhroim -- ceithre bhata dhéag, bata suí, scáth fearthainne, culaith báistí, flásc póca, carnán cnaganna agus céad toitín in achan mhála – bheadh sé tuirseach traochta 'na dhiaidh agus bheadh a luach saothair tuillte go maith aige. Fuair na caddies ba sine blas don airgead mór agus saint fá choinne an 'doubler'. Ba mhór an cuidiú do theaghlach

beirt mhac ag tabhairt isteach suas le cúig scillinge déag ón chaddyáil achan lá ar feadh seachtaine ach b'annamh a tharlódh seo.

### An tAirgead a Saothraíodh.

Cha raibh duine 'riamh gann in airgead póca agus bhí tú i gcónaí in ann 'snack' nó dhó a cheannacht. Má bhí lón leat fhéin, bhí an lá fada agus tú trí mhíle ó bhaile. Ar an bhealach 'na bhaile ba ghnáth cuairt a thabhairt ar stór beag, b'fhéidir isteach i siopa Mhicí Coyle nó chuig Maggie Cháitríona, áit a gceannófaí brioscaí agus liomanáid. San am sin bhí brioscaí ar fáil ar a dtabharfadh siad 'Milford Biscuits' orthu, bhí siad orlach ar tiús agus cúig orlach trasna. Ní 'snack' go dtí é! Ach ba mhór an lúchair agus an bród a bhíodh orainne a bheith ábalta a dhul 'un tí agus an t-airgead a saothraíodh a shíneadh chuig do mháthair. Cha raibh ciste an tí ag cur thar maoil i dteach ar bith sna blianta sin agus cuireadh fáilte mhór roimh airgead an chaddyáil.

Achan Samhradh thagadh na daoine céanna thar n-ais agus bheadh na gasúraí céanna ag caddyáil dóibh agus a bhí an bhliain roimhe sin. Ba mhór an buntáiste sin mar go mbeifeá cinnte de go mbeadh ocht bpoll déag agat achan mhaidin agus go minic naoi bpoll achan tráthnóna.

### Luach Saothair Breise.

Bhí an chuid is mó de na caddies sásta leis an luach saothair laethúil a bhí acu as a gcuid oibre ach cha bhíonn sé i gcónaí furasta achan duine a shásamh agus bhí gasúraí ansin ar mhian leo cur leis an méid a bhí faighte acu. Bhí 'entrepreneur' áirithe a thagadh go teach na gcaddies achan mhaidin agus mála úllaí leis agus é a ndíol ar phingin an ceann. Chuireadh sé an mála i bhfolach i bpoll coinín achar áirithe ó theach na gcaddies ansin. Cha raibh sé furasta seo a dhéanamh i ngan fhios do na caddies mar go mbeadh cuid de na caddies ag coinneáil súil ghéar air. Nuair a théadh mo dhuine amach ag caddyáil dhéanfaí an creachadh ar an úllord a bhí aige sa mhála agus dhéanfaí an rannadh ansin. Ag pilleadh don stócach ar na húllaí agus ar fheiceáil dó an slad a bheadh déanta bhíodh an rírá agus an ruaille

**An poll deireanach (18th) ar Chúrsa Gailf Ros na Rinne.**



buaille ann i gceart agus na seacht mallacht. Ba iompar den tsórt seo a chuireadh scleondar sa lá fada a bhí ann do ghasúraí óga, agus bheadh briseadh ann ó leadránacht an lae.

Ba sin dóigh amháin a bhí ann le luach saothair breise a bheith agat ach bhí na caddies cliste agus bhí dóigheanna eile le cur leis an luach saothair agus is dócha go dtiocfadh leat an 'supplementary benefit' a thabhairt orthu. Cha raibh rialacha ná rialúcháin ar bith ag baint le seo --- ba seo córas na gcaddies. Nuair a rachadh cnag isteach san fhéar fhada bhíodh achan duine istigh ag cuartú, muna cnag d'fhearsa a bhí caillte ba chuma leat agus thiocfadh leat do shál a chur ar an chnag, i ngan fhios den mhuintir eile, dá bhfeicfeá é. Choinneofá marc de chineál éigin ar an áit a raibh an chnag dingthe síos agat agus thiocfá amach i ndiaidh duit an 'round' a bheith déanta agat agus gheobhfá an cnag. Dá mba chnag maith a bheadh ann dhíolfá í ar chúpla scilling agus ba tuilleadh airgid a bhí ann le cur isteach i gciste an tí, áit a raibh achan scilling sa chuntas.

Bhíodh páipéar deas lonrach ar na cnaganna úra san am sin agus bhíodh carnán cnaganna úra ag na huaisle i gcónaí sna málaí. Cha raibh dóigh ar bith a ndéanfadh siad cúpla ceann acu a chrothnú! Ba mhinic a shiúl cuid mhór cnaganna as na málaí, bhainfí an páipéar daofa agus dhíolfaí iad go minic leis na daoine arbh leo iad. Is dócha gur ghnáth leis na scéalta seo uilig a theacht amach i mbosca na faoistine!




Sna Chéad bhlianta den chaddyáil, i bhfad roimh an s'againne, bhí ar na caddies suaitheantas (badge) a chaitheamh, ar a raibh uimhir greanta, mar atá sa phictiúr. Bhí an suaitheantas déanta de mhiotal agus R.G.C. (Rosapenna Golf Club) greanta air comh maith. Bhíodh a uimhir fhéin ag achan chaddie agus is dócha gur dóigh a bhí ann ina dtiocfaí súil a choinneáil ar na caddies dá ndéanfadh siad a dhath as bealach. Bhí sé níos fusa ag na h-uaisle cuimhne a choinneáil ar uimhir seachas ainm.

## An Chleasaíocht i dTeach na gCaddies.

Bhí sé de ghnás ag máistir na gcaddies a dhul go dtí an Óstán ag am lóin agus chan mórán moille a dhéanfadh sé. Ansin ar theacht thar n-ais dó shuíodh sé ar an léana faoin 'tee', tharraingeodh sé a bhairéad anuas ar a shúile agus dhruideadh sé na súile le go mbeadh spailp chodlata aige. Bheadh rudaí ciúin fá'n am seo agus bhaineadh sé de na bróga ach sula dtitfeadh sé thart ina chodladh deireadh sé le duine de na caddies mhóra, stócach inteacht a dtiocfadh leis brath air, súil a choinneáil ar rudaí dó. Níl fhios agam an raibh a leithéid de stócach fán áit a dtiocfadh leis brath air ach ar aon nós níl feidhm a lua nach raibh an diabhalaíocht ná an chleasaíocht i bhfad ó intinn na gcaddies am ar bith. Corruair nuair a measadh go raibh Stephen ina



chodladh dhéanfaí iallacha na mbróg a cheangal le chéile. Ansin ligfí scairt go raibh 'Mrs Catherwood' (bean an úinéara) ar a bealach aníos; mhúsclódh Stephen suas de léim agus is cinnte go mbeadh sé fríd a chéile; ansin thosódh sé agus é ar a dhícheall ag iarraidh na bróga a chur air agus an snaidhm ar na hiallacha a réiteach, snaidhm a bhí comh teann sin go dtiocfadh leat an Queen Mary a cheangal léi.

Ansin bhíodh fiosrúchán agus ceisteanna le fáil amach cé a bhí ciontach ach dar ndóigh bhí an 'omerta' i bhfeidhm i measc na gcaddies ar eagla go mbainfeadh Stephen díoltas amach, thiocfadh leis tú a fhágáil ar do thóin go ceann fada go leor. Olc is mar bhí seo dhéanfaí níos measa ná seo in amanna. Corruair d'fhágfadh sé na bróga air agus ansin sa chás seo cheanglófaí na hiallacha dá chéile. Ansin nuair a dhéanfaí an scairt d'éireodh sé le driopas agus d'fhágfaí é sínte ar mhullach a chinn. Ach tháinig deireadh le seo uilig nuair a fuair Stephen amach cé a bhí taobh thiar den chleasaíocht seo uilig -- caithfidhse go raibh 'supergrass' inár measc. Is cinnte gur chuir seo isteach orthusan a bhí ciontach, tháinig teora leis an méid caddyáil a rinne siad, chan fhuair siad anois ach naoi bpoll leis na 'runners' dá mbeadh an t-ádh orthu.

**Na 'Runners'.**

'Séard a bhí sna 'runners' ná galfairí nach mbeadh baint ar bith acu leis an óstán ach a thagadh ansin fá choinne round gailf a imirt. Cha raibh an oiread sin acu ann ach bhí ochtar a thagadh ansin go rialta as Baile na nGallóglach, corruair ar an Chéadaoin ach go minic tráthnóna Dé Sathairn. 'Sé an deacracht is mó a bhíodh leis na 'runners' ná nach raibh siad maith ag íoc agus bhí cuid acu nach raibh thar mholadh beirte ó thaobh an ghailf de. Ba ghnáth le cuid de na caddies a dhul i bhfolach nuair a d'fheicfeadh siad iad ag teacht. Bhí an t-ádh ormsa mar gur ghnáth liom caddyáil do Mc Mahon as Baile na nGallóglach, an fear a raibh an garáiste aige. Ba charachtar iontach a bhí ann agus chan fhaca mé stíl puttála ag galfaire ariamh a bhí comh haistíoch leis an stíl a bhí aigesean. Ba ghnáth leis greim a fháil ar an phuttéar leathbhealaigh síos; glún amháin



**Caddies ag Ros na Binne 1922.**

Doimnic Ó Conchúir as an Mhaol Rua (ina shuí), ach a chaith a shaol pósta i Ros na Binne, agus ina sheasamh ag a thaobh tá Johnny Mac Suibhne as baile Carraig Airt (dearthair le James Sweeney, d'oibrigh Johnny i mbádchlós Mhíobhaigh sular imigh sé go Meiriceá

iompaithe soir; an ghlún eile iompaithe siar agus é cromtha síos os cionn an chnaig; ach d'aimsigh sé an poll i gcónaí. Sin an tuige a raibh an ciste i gcónaí bainte aige roimh an deireadh agus bhí mo sheacht agus sé pingine sábháilte. Mar a luaigh mé bhí cuid de na 'runners' seo nach raibh mórán de na caddies ag iarraidh a dhul leofa, drochchaighdeán gailf agus cha raibh siad maith ag íoc. Ba ghnáth le Stephen na málaí seo a thabhairt do na caddies nach raibh 'ag díol' a mbealach. Bhí an garda Mc Intyre as Baile na nGallóglach ar dhuine acu seo fosta, cha dtiocfadh leat brath air ó thaobh an ghailf de, thiocfadh le par a bheith aige ag poll amháin agus naoi nó deich ag an chéad pholl eile. Fear eile as Baile na nGallóglach a bhíodh leo ná an Dr. Mac Gairbheith, bhí sé iontach dáiríre faoina chluiche agus bhíodh caidreamh mór aige lena chaddie i gcónaí.

Is dócha, ar dhroch lá anois, go mbeinn fhéin ar chomhchéim le Mc Intyre ach is minic fosta, i mo chlub gailf fhéin anseo i Bexhill on Sea ar tugadh an 'bandit' orm, go háirithe dá mbainfinn an t-airgead.

**Lady Graham.**

B'í an bheanuasal ar chaddyáil mise díthe achan bhliain ná Mrs Graham. Is maith an chuimhne atá agam ar thráthnónta grianmhara Samhraidh a suífinn fhéin agus cúpla caddie eile thíos os comhair an óstáin ag feitheamh leofa a theacht amach as an óstán, áit a mbeadh siad ina suí ag ól té agus ag ithe cácaí milse. Ansin thiocfadh mo bhean uasalsa Lady Graham amach agus léithe ina dá lámh bheadh traidhfil de na cácaí milse seo le tabhairt dá caddie, cácaí a mbíodh uachtar deas milis agus seacláid ar a mbarr-- lasfadh mo shúile suas le háthas. Dhéanfainn iad a rann leis an chúpla caddie eile, dar ndóigh, agus ar aghaidh linn ansin go dtí an 10ú tee fá choinne na naoi bpoll sa 'valley' a imirt agus muidinne go fóill ag baint sásamh as na cácaí agus is dócha go mbíodh thart fán bhéal maisithe ag uachtar agus ag seacláid.

Cha bheadh mórán tuisceana, airde ná suime againne don chomhrá a bhíodh ar siúl eatarthu fhéin ach bhíodh muid plúchta ag an toit a thagadh as na toitíní mar gur chaith a mbunús go trom na blianta sin. Bhí dhá mhadadh den phór Westie ag Lady Graham -- Mandy a bhí ar cheann acu agus Penny ar an cheann eile. Chuaigh Penny as amharc síos poll coinín am amháin agus bhí sé thíos ansin trí lá sular tugadh tarrtháil air.

Bhí a gcuid galfairí rialta bliantúla fhéin ag furmhór na gcaddies. Bhí cuid mhaith de na boic mhóra seo a thagadh anseo a raibh teideal ón airm acu –coirnéil, captaein, briogaidírí (brigadiers) agus maoir (majors) agus dar ndóigh bhí bodaigh mhóra ó chúlraí éagsúla eile, gan trácht ar thiarnaí agus ar bhantiarnaí, iad uilig ag



tarraingt ar an óstán sna carranna ba luachmhara dá raibh ann ag an am.




Le linn domh a bheith i mo shuí sa ghrianán anseo ag scríobh an phíosa seo tchím an bhroinndearg ag eitilt thart agus ábhar tógála ina béal, seo éan iontach cliste, tógann sí cúpla nead – cúpla nead le daoine a mhealladh agus ansin an fíornead díthe fhéin. Tá sé deas a bheith i do shuí i dtimpeallacht thaitneamhach chumhra, ag baint sásamh as an dúlra agus as grian an tSamhraidh. Ach chan ar an bhroinndhearg atá m'aird an tráthnóna Samhraidh seo ach ar rós ar leith a dtugtar an Ena Harkness air, atá ainmnithe do bhean uasal ar ghnáth léithe cuairt a thabhairt ar Óstán Ros na Binne go rialta. Chuirfeadh sí fuíthi in áit ar a dtabharfadh siad na 'Flats', bhí siad seo suite i ngar don óstán mar go raibh siad mar pháirt don óstán agus ba anseo a chuirfí na teaghlaigh mar nach mbeadh cead ag páistí a bheith ag fanacht sa phríomh óstán. Bhí mo mháthair Winnie ina bean tí ansin, go ndéana Dia trócaire uirthi. Ar an suíomh seo inniu tá Óstán mór nua-aimseartha Ros na Binne.

Tháinig galfairí cáiliúla ón PGA ansin go dtí an óstán i m'amsa fosta. Ba ghnáth le 'pitch and putt' dá gcuid fhéin a bheith ag na caddies san am sin fosta agus bhíodh a gcuid comórtas fhéin acu anois is arís, go háirithe nuair a bhíodh an caddyáil sórt ciúin. Is cuimhin liom ar ócáid amháin acu seo agus comórtas againn eadrainn fhéin, bhí mise réidh leis an chnag a bhuaileadh nuair a tháinig an ghabaireacht cainte ón ochtú poll déag, bhí an poll seo in aice láimhe, agus nuair a d'amharc muid thart cé a bhí ann ach Peter Alliss agus a chairde. Mhol sé mé fhéin as an dóigh nádúrtha a bhí agam agus mé ag úsáid an bhata – chuidigh seo go mór leis an ego ach níl mé cinnte ar chuidigh sé leis an ghailf !! Bhí galfairí proifisiúnta eile thart fosta – Peter O Connor Jun. Dai Rees, John Cassidy agus tuilleadh.

Uair amháin le linn domh a bheith sa bhaile chuaigh mé amach ar mo chuid fhéin le cúpla poll a imirt ar an tseanchúrsa. Bheir beirt suas liom ag an 'tee' don 7ú poll, sin os cionn Loch a' Villa, agus lig mé dóbhtha dhul ar aghaidh. Bhuail an stócach óg seo a chnag agus d'fhág sé í cúpla slat gairid ón phlásóg, a leithéid de bhuille. Fuair mé amach ina dhiaidh sin gur Rory Mc Elroy agus a athair a bhí.



# *Eoghan Ó Luadhóg.*



An cúpla, Eoghan agus James

*Rugadh cúpla do Sheán Ó Luodhóg ( Johnnie Phádraig Shéamais) agus dá bhean Winnie Mhicí John (Nic Giolla Bhríde) i nDún Dúbháin ar an ochtú lé fichid de Dheireadh Fómhair 1940. Tugadh Eoghan ar dhuine amháin acu agus James ar an duine eile ach ar an drochuair fuair James bás de mheiningíteas nuair nach raibh sé ach ocht mbliana d'aois.*

*Ba ar Scoil Mhíobhaigh a fuair Eoghan a chuid oideachais i dtús báire agus ina dhiaidh sin ar Choláiste Naomh Adhamhnáin agus ar an Ghairmscoil i Leitir Ceanainn. Chaith sé tamall fá bhaile ansin agus bhí sé breá gníomhach sa phobal áitiúil, áit ar ghlac sé páirt i ndrámaí. D'oibrigh sé ar feadh tamaill fosta sa bharra in Óstán na Trá.*



*Ach faraor, chuaigh sé an bealach a deachaigh na mílte roimhe, bealach na himirce. Tá an saol a chaith sé thall le fáil in eagrán 17 de Ghuth Ghoill. Tá sé ina chónaí anois lena bhean in Bexhill on Sea in East Sussex agus é ar a sháimhín só. Beirt de chlann atá aige, beirt ghirseach Caroline agus Samantha.*

*Téann sé amach a ghalfáil uair nó dhó sa tseachtain ina chlub áitiúil. Sa phíosa seo cuireann sé síos ar shaol an chaddie ag Óstán Ros na Binne na blianta sin fada ó shin.*



# BÁD DHOIRE



LE FRANCIE Ó CUILINN

Cha shílim go raibh duine ar bith a rugadh is a tógadh in iarthuaisceart Thír Chonáil sa chéad leath den chéad dheireanach nár chuala iomrá de shórt inteacht fá Bhád Dhoire. Leoga bheifeá ag streachailt scór duine a fháil i bparóiste ar bith nach ndearna siad fhéin nó duine de theaghlach s’acu turas ar an bhád sin ó Dhoire go Glaschú nó a mhalairt.

Is fada an lá ó thosaigh an ceangal sin. Thiocfadh leat dul ar ais go tús an naoú aois déag agus níos faide le ceangal a fheiceáil idir Tír Chonáil agus Albain. ‘Sé bádaí seoil an modh taistil a bhí ann go dtí go dtáinig na bádaí gaile ar an mhargadh.

Thart faoin bhliain 1820 cuireadh seirbhísí rialta ar bun don phobal le hiad a thabhairt an 139 míle idir Glaschú agus Doire. Ag an am tharraing an bád isteach le paisinéirí a thógáil ag Bun an Phobail (Moville) Port Rois, (Port Rush), Clochán na bhFomhórach (Giant’s Causeway) agus Cambeltown agus ghlac an turas dhá uair is fiche (22). Sa leabhar ‘Róise Rua’ tá tagairt déanta de na bádaí seoil ag dul isteach go dtí céidh na nDúnaibh le paisinéirí a thógáil. Faoin am seo bhí daoine ag baint triail as gal mar mhodh tiomána do na bádaí agus char ghlac sé i bhfad do lucht gnó Dhoire tábhacht na gaile seo a thuigbheáil.

Chonaic siad go gcuideodh na bádaí seo le trádáil leis an Bhreatain a fhorbairt. Sa bhliain 1829 ceannaíodh an chéad long gaile don phort, an bád rotha 136 tonna, an ‘Foyle’, leis an turas go Glaschú a dhéanamh.

Sa bhliain 1836 bhí trí bhád ar an mhuirbhealach sin. Sheol an Foyle ó Dhoire achan Satharn agus sheol an St Columba agus an Rover achan Mháirt agus Déardaoin. Ghlac an turas idir 18 agus 20 uair faoin am sin. In 1850 bá scilling an táille a bhí ar an turas agus bhí 8,000 daoine ag taisteal achan bhliain.



Bád Dhoire réidh le fágáil


Cnuasach *Bigger & McDonald*. Le córtas *Libraries NI.*

Chuidigh an tseirbhís seo go mór le daoine a bhí ag iarraidh bochtanas Thír Chonaill a sheachaint agus saol níos fearr a shaothrú dóbhtha fhéin.
Scaipeadh muintir Thír Chonaill ar fud an domhain ach chuaigh na mílte acu go Glaschú agus ghlac siad ceantair den chathair sin dóbhtha fhéin agus chuir siad pobail Éireannacha ar bun.
Sa bhliain 1851 thosaigh Alexander Laird seirbhís ó Ghlaschú go Doire ach bhí an trácht chomh maith sin gur thosaigh Comhlacht Bád-ghaille Burns ag cur seolta d'eallaí ar fáil dhá uair sa tseachtain fosta.
Tharla cogadh trádála idir an bheirt sin agus thit an luach don stíris go scilling. Faoin bhliain 1868 tháinig deireadh leis na comhlachtaí áitiúla eile nach raibh ábalta dul i gcoimhlint leis na longa a bhí níos gaiste, agus ag a raibh ná táillí ísle seo. Faoin bhliain 1901 bhí seirbhís ceithre uaire sa tseachtain ag longa Laird agus dhá sheoladh eile ag Burns. Sa bhliain 1922 rinneadh comhcheangal idir an dá chomhlacht agus bunaíodh Líne Burns & Laird.

**Forbairt Turasóireachta**

Níl dabht ar bith ná gur chuidigh Burns & Laird go mór le turasóireacht i dTír Chonaill. Tharraing Aonach na hAlban i Mí Iúil agus i Mí Lúnasa bádaí, a bhí plódaithe le daoine, go Doire.
Lean seolta paisinéirí ó Dhoire go Glaschú ar aghaidh go dtí na seascaidí agus sheol an ceann deireanach amach ó chéidh Dhoire i 1966. Chuir seo deireadh leis an turas farraige ó Dhoire go Glaschú a mhair 137 bliain.










Roinnt póstaer & bróisiúr faoi Burns & Laird - cartlanna chathair Ghlaschú

Thart fá chéad bliain roimh an turas brónach sin bhí timpiste idir dhá bhád paisinéirí ar an Fheabhail. Tharla seo ar an 20ú Meán Fómhair 1865 idir an Garland agus an Falcon.

Bhí an Garland ag dul amach ó Dhoire le lasta eallach agus leathchéad paisinéir. Bhí an Falcon ag teacht ó Ghlaschú ag iompar oibrithe séasúracha a bhí ag teacht na bhaile. Dhá bhád gaile a bhí iontu agus bhuail an Garland clébhord tosaigh an Falcon. Cailleadh seacht nduine dhéag, beirt sa timpiste agus bádh cúigear déag. Nuair a ghlacann tú san áireamh go raibh ceangal farraige 137 bliain idir an da chathair is féidir a rá go raibh stair shábháilteachta fíor mhaith ag baint leis.

I dtaca le muintir Ros Goill de chuala mé fá go leor daoine a shiúl go dtí an Chraoslach leis an traein a fháil isteach go cathair Dhoire. Bhíodh an traein plódaithe le muintir na Rossa, muintir Ghaoth Dobhair agus muintir Chloich Cheannfhaola. Bhíodh na suíocháin uilig glactha agus mar sin de bhíodh an chuid is mó de na daoine a chuaigh ar an traein ar an Chraoslach ina seasamh rith an bhealaigh go Doire, go hairithe na fir.

Chuala mé scéal faoin traein sin, cé acu fíor nó bréagach é, go raibh ar na paisinéirí teacht den traein, nuair a bhí sí ag dul suas malaigh, agus bhíodh orthu a dhul ag siúl.

Cibé ar bith nuair a rachadh siad isteach go Doire gheobhadh siad lóistín oíche dá mbeadh scilling le spáráil agus rachadh siad ar an bhád ar maidin.

‘The Scotch Boat’ a thug muintir Dhoire uirthi agus ‘The Derry Boat’ a thug muintir Ghlaschú uirthi agus, más buan mo chuimhne, char chuala mise ach ‘The Derry Boat’ ó mhuintir Thír Chonaill fosta.

D’fhágfadh an bád céidh Dhoire agus í lán eallaigh agus bheadh na paisinéirí ag éisteacht le búireach na mbó a fhad le Glaschú.

Nuair a thiocfadh an bád ar ais ó Ghlaschú bheadh bolg na loinge, ina raibh na ba, glanta amach agus í lán de phaisinéirí anois, de réir cosúlachta bhí an boladh tréan ar fad agus bheadh na sluaite tinn.

‘The Lairds Loch’ an t-ainm a bhí ar an bhád a bhí ag reáchtáil ó 1944 go dtí 1966 nuair a stad sí ó bheith ag iompar paisinéirí.

Tógadh an bád sin i longlann Ardrossan cóngarach do Ghlaschú don




Stáisiún traenach Ghaoth Dobhair

Stáisiún traenach ar an Chraoslach




chomhlacht Burns & Laird agus rinne siad é a lainseáil ar an 9ú lá de Mhárta 1940 agus thosaigh sí ar thuras ó Dhoire go Glaschú i 1944. 275 troigh ar fad a bhí sí agus bhí cumas 13 míle farraige (knots) inti.

Bhí spás do chúpla céad paisinéir, agus áit chodlata dóibh sin a bhí sa chéad aicme. Bhí ar an bhád seirbhís trí huaire sa tseachtain a chur ar fáil an dá threo, ó Dhoire go Glaschú agus ó Ghlaschú go Doire. D'fhágfadh sí Glaschú ag a seacht a' chlog tráthnóna agus cheanglódh sí suas le céidh Dhoire thart fán sé ar maidin, ag bráth ar an aimsir. Chuaigh sin ar aghaidh go dtí'n 10ú Meán Fómhair 1966 nuair a stad sí ag iompar paisinéirí.

I ndiaidh ollchóirithe a mhair coicís i longlann Ardrossan chuaigh an 'Lairds Loch' go sealadach ar seirbhís thar-oíche idir Glaschú agus Baile Átha Cliath. Nuair a tháinig an gnáth bhád 'The Irish Coast' ar ais ar an turas sin chuaigh an 'Lairds Loch' ar ais ar an turas idir Doire agus Glaschú ach an t-am seo gan paisinéirí ach í ag iompar lasta ginearálta agus eallaí. Chuaigh seo ar aghaidh suas go deireadh 1968.

Mhothaigh léar daoine, nuair a briseadh an ceangal idir an dá chathair go hiomlán ag deireadh na seascaidí, go gcuirfeadh sin deireadh le Doire mar chalafort agus leis an traidisiún trádáil mairnéalachta a mhair ar feadh na mblianta. Rinne páipéir nuachtáin na cathrach trácht ar thuras deireanach an 'Lairds Loch' le paisinéirí i 1966 mar ócáid bhrónach agus chuir an aimsir fhliuch cuma ní ba ghruama ar an rud ar fad.

Fear darbh ainm Cambell a bhí mar chaptaen don turas brónach seo agus dúirt sé gur ócáid throm a bhí ann do fhéin mar go raibh sé ag teacht is ag imeacht ó chéidh Dhoire le tríocha bliain. Bhí sé ag tiontú a dhroim anois is ag fágáil cairde ina dhiaidh.

Nuair a bhí an t-am ag tarraingt ar a seacht a chlog séideadh an bonnán le hinsint go raibh an bád ar tí imeacht.

Bhí scaifte mór ar an chéidh le Bád Dhoire a fheiceáil ag tarraingt amach.

Scríobhadh sa 'Derry Journal' faoin turas deireanach, "her siren blew long, mournful blasts…as she went out of sight and into history'.
Is í ag imeacht bhí an ceol 'Will ye no' come back again?' le cluinstin ar an chéidh i nDoire.
I measc na bpaisinéirí ba shine bhí baintreach 70 bliain d'aois darbh ainm Rose Morrison a rinne an turas achan bhliain le ar feadh seacht mbliana agus trí scór.
Dúirt Rose nach raibh a fhios aici cén dóigh a mbeadh sí ag taisteal ó sin amach.
Cha raibh Rose léi fhéin i dtaca le sin de mar tháinig na mílte ó Albain go Tír Chonaill achan bhliain sa dóigh is go mbeadh an Samhradh in Éirinn ag na páistí.
Sé'n rud a thig liom a rá ó mo thaithí fhéin ar bhád Dhoire, - bhí mé air achan bhliain ó 1953 go 1963, agus cé nach raibh ionam ach gasúr - go raibh an craic níos fearr ag teacht ó Ghlaschú go Doire mar go raibh muid ar ár gcuid laethanta saoire ach ag dul an treo eile bhí an Samhradh thart agus an scoil ag fanacht orainn.
Rachadh muidinne ar an traein i stáisiún Waverly i nDún Éideann an lá céanna is a druideadh na scoileanna achan bhliain agus cha mhothódh muid an turas go Glaschú bhí an oiread sin lúcháir orainn a bheith ag teacht go Tír Chonaill.
Bheadh scuaine fada ar an chéidh i nGlaschú ag feitheamh ar an rópa a bheith tógtha ón chlord (gangplank) agus ansin bheadh táinrith fiánta de pháistí isteach ar an bhád le háit mheasartha chompordach a fháil don teaghlach. Má bhí an t-ádh ort agus suíochán fút agus do chóta ar shuíochán eile, b'fhéidir an rud



Cnuasach *Bigger & McDonald*. Le córtas *Libraries NI.*

céanna déanta ag do dheartháir is do dheirfiúr, bheadh ort fanacht ar do mháthair ansin sula mbeifeá saor le dul ag pramsáil thart ar an bhád. Sé'n chéad rud a bheadh a dhíobháil ort ná píosa aráin le caitheamh chuig na faoileogaí a bheadh ag leanstan an bháid. Tá mé den bharúil gur lean cuid acu an bád rith an bhealaigh go Doire ach cha dtiocfadh liom a bheith cinnte mar thitfinn i mo chodladh nuair a d'éiríodh sé dorcha. Dá mbeadh oíche gharbh ann bheadh léar daoine tinn agus gan leigheas ar bith i ndán do na créatúir ach céidh chrua Dhoire faoina gcosa.

I dtaca leis an Lairds Loch de char cuireadh deireadh le scéal an bháid seo nuair a stad sí ag taisteal idir Glaschú agus Doire i 1968.

Chan rud é go bhfuil a fhios ag léar daoine go raibh ceangal díreach ag an bhád sin leis an choimhlint idir Iosrael agus na hArabaigh mall sna seascaidí agus ag tús na seachtóidí.

I mí Eanáir 1969 díoladh an Lairds Loch le comhlacht Iosraelach (Israeli) Sefinot Teoranta. San áireamh san díolachán bhí gréithe agus fearas iomlán an bháid. Thug an comhlacht Iosraelach an t-ainm Heyu Daroma don bhád agus thosaigh sí ar an turas farraige idir Eilat san Iosrael agus Sharm el-Sheikh, cathair Eigipteach agus áit mhór turasóireachta ar an phointe deisceartach de leithinis Sinai. Rith an tseirbhís seo trí uaire sa tseachtain agus ghlac sé ocht n-uaire don turas.

Ar an 3ú lá de mhí Mheán Fómhair 1970 d'fhág an bád Eilat le lasta fíoruisce ach uair amháin istigh sa turas bhuail sí carraig. Sábháladh an fhoireann ach theip orthu an bád a thógáil ón charraig agus chuaigh sí go grinneall agus tá sí anois mar pháirt de thuras longbhriste achan bhliain.

Fágfaidh mé an focal scoir ag Róise Rua fá Bhád Dhoire.


Ina beathaisnéis a scríobh Pádraig Ua Cnáimhsí chruthaigh Róise Rua pictiúr iontach de thuras ó Ghlaschú go Doire.

'Mar a bhíos go minic fá Shamhain bhí cuma cholgach go leor ar an tráthnóna agus mé ag fanacht leis an bhád ag Grianóg. Tháinig an soitheach anuas as Glaschú i dtrátha a seacht a chlog, agus bhí dhá uair eile le fanacht agam sular sheol sí ina dhiaidh sin. Ceithre scillinge a dhíol mé ar mo thicéad as Grianóg go Doire. Bhí an oíche ann ag fágáil Ghrianóige dúinn. Ní raibh aithne agam ar aon duine a bhí ar an bhád an oíche sin, ach bhuail mé chun comhraidh le scuad de lucht préataí as Anagaire a bhí ag pilleadh chun an bhaile.

Bhí sé le tabhairt fá deara an difear a bhí idir daoine ag gabháil anonn ar an bhád go Glaschú agus mar a bhíodh siad ar a mbealach anall. Bhí aoibh an gháire ar gach duine acu anois, agus ba mhinic smúid nó lorg na suóg ar an aghaidh acu agus iad ag gabháil anonn.

Bhí beár an tsoithigh foscáilte i ndiaidh dúinn Grianóg a fhágáil agus bhí corrdhuine de na fir a bhí linn súgach go leor. Am inteacht i dtrátha an mheán oíche, thosaigh an oíche ag éirí garbh. Bíonn eagla ar dhaoine i gcónaí a bheith amuigh ar an fharraige ina leithéid de gharbhadas, ach is measa seacht n-uaire é i ndiaidh na hoíche. Ar mhéad is a bhí d'eagla orainn níor fhéad muid dul suas ar an deic i rith na hoíche. Bíodh is go raibh muid iontach tinn ní raibh uchtach ag aon duine againn corraí ón áit a raibh muid inár suí nó inár luí. Ní raibh aon

leaba againn, ar ndóigh, ach muid sínte ansin ar urlár an tsoithigh agus cuma an bháis orainn. Aon uair amháin a d'fhág an soitheach foscadh Cheann Tíre thoisigh an léimneach aici anonn is anall fríd an gharbhadas. Shíl muid nach rachadh an oíche thart choíche go bhfaighimis isteach go Loch Feabhail agus a fhad le Doire. Bhí muid ag urnaí i dtús ama, ach ansin d'éirigh muid chomh tinn sin nach raibh inmhe ionainn a oiread is focal urnaí de shórt ar bith a rá'
Roise bhocht, bhí droch-oíche aici ach de réir a tuairisce, uair amháin a bhíodh siad ar an chédh i nDoire bhíodh ocras an domhain orthu uilig.
Cé go bhfuil bádaí ag dul anonn is anall ó Bhéal Feirste go hAlbain is ar eitleáin an modh taistil is coitianta anois do dhaoine ag dul thar lear, agus tá ré Bhád Dhoire thart.



Cnuasach *Bigger & McDonald*. Le córtas *Libraries NI.*

***Foinsí Eolais:***
*Brian Mitchell ,Tower Museum.*
*Roise Rua le PádraigUa Cnáimhsí.*
*Linda Ming , Derry Herritage and Museum.*
*Cnuasach Grianghraf Bigger agus McDonald .*

# An Coileach i bPurgadóir

## Le Liam Mac Giolla Bhríde



Bhí sé ráite fadó nach raibh purgadóir ar bith anseo in Éirinn agus go mbeadh na daoine a fuair bás, is nach deachaigh díreach suas 'na bhFlaithis nó díreach síos go hIfreann, fágtha ag spaisteoireacht thart mar anamacha caillte agus gur sin an fáth go raibh an oiread sin taibhsí faoin áit. Tráthnóna amháin mall san Fhómhar bhí beirt as uachtar na paróiste seo ina suí ar chlaí ag amharc anuas ar an Mhaoil Ruaidh. Níl a fhios ag duine ar bith sa lá atá inniu ann caidé na hainmneacha a bhí orthu, ach ar mhaithe leis an scéal bhéarfaidh mé Barnaí agus Séamaí orthu. Cibé ar bith bhí buidéal poitín ina lámh ag achan fhear acu. Bhí buidéal Bharnaí leath-lán go fóill ach cha raibh fágtha i mbuidéal Shéamaí faoin am seo ach an gríodán. Bhí Barnaí breá aosta agus bhí ribí de ghruaig liath ag gobadh anuas as faoina bhairéad. Sheas sé agus lig sé osna phianmhar as agus shín sé a lámha amach. "Ó. A Thiarna," a dúirt sé, "nach maith duitse a Shéamaí, go bhfuil tú i mbláth d'óige. Tá m'anamsa réidh le mé a thréigean ." "Ná bí ag caint mar sin," arsa Séamaí, "cuireann an cineál sin cainte isteach orm." "Cad chuige?" arsa Barnaí.


D'amharc Séamaí air. "Mar ní maith liom a bheith ag caint faoin bhás."

"Arú amaidí," arsa Barnaí. "Nach bhfuil fear an bháis leat achan lá ag amharc thar do ghualainn ag feitheamh ar an deis go díreach."

Chaith Séamaí siar an ghríodán agus sheas sé le fearg. "Stad den chineál sin pis-reoige," a scairt sé. "Níl a leithéid de rud ann." Thosaigh Barnaí ag gáire. "Nach bhfuil anois, bhail, éist thusa liomsa a stócaigh, níl lá dá dtéann thart nach mothaímse a anáil ar mo mhuineál. Agus inseoidh mé an méid seo duit, a dhiúlaigh na feirge, is cuma sa diabhal liom fá dtaobh de. Beidh mise breá sásta dul isteach sa chónair agus scíste na síoraíochta a thabhairt do mo sheanchnámha. Caidé do bharúil de sin?" Cha raibh focal ag teacht ar ais ó Shéamaí. Shuigh sé ar an chlaí arís go díreach is d'amharc sé isteach ina bhuidéal folamh.



"Nach bhfuil rud ar bith le rá agat," arsa Barnaí agus shuigh sé ar an chlaí in aice le Séamaí. Chaith Séamaí an buidéal folamh uaidh agus lig sé osna uaidh. "Caidé atá ort? arsa Barnaí leis. "Seo inis dod chara. Nach bhfuil aithne agam ort ó bhí tú i do lapadán ag cur achan sórt clábair i do bhéal." Shuigh Séamaí mar a bheadh balbhán ann agus bhí a fhios ag Barnaí go raibh rud éigin ag cur




isteach ar an fhear óg. Shín Barnaí a bhuidéal chuig Séamaí. “Seo chugat, ól seo, déanfaidh sé maith duit.” Ghlac Séamaí an buidéal, shlog sé siar bolgam maith den phoitín agus ansin d’amharc sé ar Bharnaí. “An bhfuil a fhios agat caidé atá ag cur isteach orm, a Bharnaí?”

“Níl a fhios,” arsa Barnaí agus las sé a phíopa. Cha raibh smid gaoithe ann agus d’éirigh an toit suas díreach thar chloigeann Bharnaí. Bhí Séamaí ag amharc ar an toit. “Níl a fhios agam, a Bharnaí, muna dtiocfadh gaoth ar bith an rachadh an toit sin suas a fhad leis na Flaithis.” “D’amharc Barnaí suas ar an toit a bhí ag imeacht uaidh. “B’fhéidir go rachadh ach tá mé den bharúil go bhfuil na Flaithis píosa maith ar shiúl..”


“Is dócha go bhfuil,” arsa Séamaí, “ach éist liom, a Bharnaí. Is fear cliste thú.” “Bhí Barnaí breá sásta le sin a chluinstin. “Is dócha go bhfuil mo chuid fiacla, an méid atá fágtha agam, fada go leor le heolas a bheith agam ar chorr rud thall is abhus.” “Nach cinnte go bhfuil,” arsa Séamaí, “anois, inis seo domh,” agus shín sé a mhéar in airde. “An rachadh an toit sin fríd Phurgadóir sula a rachadh sé a fhad leis na Flaithis.” Chuir Barnaí a lámh ar a smig. “Sin ceist mhaith, ach, a Shéamaí, a ghasúir, bhí sé i gcónaí ráite ag an tseanmhuintir thart anseo nach raibh a leithéid de rud ann is Purgadóir, agus bheinnse den tuairim chéanna.” “Cuir i gcéill go bhfuil se ann,” arsa Séamaí.

“Mmmm,” arsa Barnaí agus é ag tochas a smige. “An bhfuil freagra agat ar an cheist sin?” arsa Séamaí go mífhoighdeach. Chaith Barnaí seileog ar an talamh. “Humph!” a dúirt sé. “Char cuireadh ariamh ceist orm nach raibh freagra agam di.” D’éirigh Barnaí ón chlaí agus sheas sé mar a bheadh fear den uaisleacht ann. Shéid se toit san aer arís agus d’amharc sé ar Shéamaí. “Níl muid ach ag cur i gcéill anois, agus a fhad is go dtuigeann muid sin, is é seo m’fhreagra. Tá ifreann is an diabhal thíos ansin faoi mó chosa; tá na Flaithis thuas ansin os cionn na scamall, seo muidinne ar an domhan anseo agus ciallaíonn sin go gcaithfidhse go bhfuil purgadóir idir muidinne anseo agus na Flaithis. Mar sin de, muna dtagann gaoth ar bith rachaidh an toit sin suas a fhad leis na Flaithis i ndiaidh di a ghabháil fríd phurgadóir.” Chuir sé a phíopa ina bhéal arís agus rinne sé caochadh súile le Séamaí agus labhair sé go mórtasach. “Má tá fear sa pharóiste atá ábalta freagra níos fearr ná sin a thabhairt ar an cheist sin, níl aithne agamsa air.”



Sheas Séamaí agus bhuail sé buile beag ar dhroim an tseanfhir. “Tá an ceart go hiomlán agat ach tá ceist eile agamsa agus níl freagra agat air,” “Caith amach í go bhfeicfidh tú,” arsa Barnaí le neart mórtais.

Sular labhair Séamaí ghlac sé bolgam mór poitín agus dúirt sé, “tá tusa ag rá nach bhfuil a leithéid d’áit ann is purgadóir, a Bharnaí, ach cha raibh tusa ar an Aifreann Dé Domhnaigh, bhí mise. Bhí an Teach Pobail lán go doras. Cha raibh suíochán le spáráil. Sheas mise thíos faoin ghailearaí. Bhí manach coimhthíoch thuas ar an altóir ag tabhairt seanmóra fá phurgadóir.” Bhris Barnaí isteach ar Shéamaí le gáire.



"Ha! Seanmóir fá phurgadóir? Cuir amogha ama." Chuir Séamaí suas a lámh. "Stad, a Bharnaí, lig domh an scéal a chríochnú." Lean Séamaí ar aghaidh leis an scéal agus é anois ag labhairt níos tapa sa dóigh is nach bhfaigheadh Barnaí deis eile le briseadh isteach air. "Bhí an manach seo breá crosta, tá mé ag insint duit. Bhí achan duine ar crith ag éisteacht leis, mé fhéin ina measc. Dúirt sé go rachadh leath an pharóiste síos go hifreann agus go rachadh an chuid eile againn isteach go purgadóir ar feadh na mílte bliain." D'amharc Séamaí ar Bharnaí agus bhí deoir ina shúil. "Ar feadh na mílte bliain, a Bharnaí. Níl mé ag insint bréaga. Sin an rud a dúirt sé. Cha raibh casachtach nó gíog le cluinstin i dTeach a' Phobail.'. Ach m'anam le Dia, a Bharnaí, choinnigh sé a chuid súl ormsa a fhad is a bhí sé ag caint." Thosaigh Barnaí ag gáire arís. Ha! "Bhail tá sé uilig cluinste anois agam. Teach a' Phobail lán go béal agus bhí an manach ag amharc ortsa?" Sheas Séamaí go tobann. "An gcaithfidh tusa ábhar magaidh a dhéanamh d'achan rud, a Bharnaí . Bhí sé ag amharc ormsa. An bhfaca tú pictiúr crochta ar bhalla in am ar bith agus is cuma cén áit sa tseomra a sheasann tú bíonn na súile ag amharc ort.? Sin an dóigh a bhí sé leis an mhanach seo. Stán sé isteach i mo shúile agus dúirt sé go raibh Purgadóir ag feitheamh orm. "Agus, ná bí ag déanamh go mbeidh tú ag déanamh bolg le gréin sa phurgadóir," a dúirt sé. 'Beidh leaba thairní agat agus tú rósta lá is oíche. 'Sé'n t-aon difir idir Purgadóir is Ifreann ná go bhfaighidh tú amach as purgadóir am inteacht, nuair ata achan pheacadh dóite ó d'anam." A Bharnaí , tá mise dul go purgadóir nuair a thiocfas m'am." Bhí Barnaí ar tí labhairt nuair a chur Séamaí suas a lámh. "Tá mé ag iarraidh ortsa gar a dhéanamh domh, a Bharnaí. Tá tusa i bhfad níos sine ná mise agus seans maith go mbeidh tú marbh romham. Rachaidh tusa go Purgadóir fosta, is tá mé ag iarraidh ort theacht ar ais agus insint domh caidé'n cineál áite atá ann." D'amharc sé ar Bharnaí le súile deoracha. "An ndéanfaidh tú sin domh, a Bharnaí." Sheas Barnaí agus chuir sé a lámh dheas san aer. "M'anam le Dia, déanfaidh mé mo sheacht ndícheall theacht ar ais le scéal duit. Anois stad den chaint sin. Char chóir eagla a bheith ar dhuine ar bith roimh an bhás, seo, tá buidéal eile agamsa anseo, ól suas, a ghasúir déanfaidh sé maith duit."



Le scéal fada a dhéanamh gairid, tháinig an bás agus d'imigh Barnaí bocht. Bhí Séamaí ag fanacht lá agus oíche ar a thaibhse. Achan trup a chuala sé bhain se geit as go dtí go deachaigh seacht mbliana thart agus gan iomrá ar bith ar Bharnaí. Oíche Gheimhridh amháin bhí sé ina chodladh nuair a chuala sé duine inteacht ag scairteadh a ainm. Mhúscail sé de léim agus cé a chonaic sé ina sheasamh le colpa a leapa ach Barnaí. "A Bharnaí! Chuir tú an croí trasna ionam. Cad é faoi Dhia a choinnigh tú? Nach raibh a fhios agat go raibh mé ag súil leat achan bhomaite d'achan lá agus oíche?"

"Bhail anois," arsa an taibhse. "Más sin an cineál fáilte atá agat romham imeoidh mé." Thiontaigh an taibhse agus chuaigh sé i dtreo an dorais mar a bheadh toit ann. Léim Séamaí amach as an leabaidh agus rinne sé iarracht greim a fháil ar Bharnaí ach cha raibh se ábalta mar is taibhse a bhí ann.

"Tá brón orm, a Bharnaí, ach in ainm Dé ná tréig mé arís." Labhair an taibhse i nglór neamhshaolta. "Char thréig mise tú in am ar bith, a ghasúir, ach cha dtiocfadh liom cead a fháil theacht ar ais go dtí go raibh seacht mbliana curtha isteach agam." Bhí crith i nglór Shéamaí.

"Seacht mbliana i bPurgadóir?" "Arú bíodh ciall agat," arsa an taibhse le gáire. "Nár inis me duit nach raibh a leithéid d'áit ann is purgadóir agus bhí an ceart agam." Chuaigh Séamaí ar a ghlúine. "Níl purgadóir ann?" Chroith Barnaí a cheann. "Cá háit a raibh tú mar sin, a Bharnaí?" Tháinig aoibh ar aghaidh an taibhse. "Chaith mé na seacht mbliana sin mar choileach i nDuibhleann Riabhach. Bhí an chuid is fearr de na cearca agam le roghnú uafa.."

Bhí Barnaí i gcónaí maith ag insint scéalta cé acu fíor nó bréagach iad, is cha raibh a fhios ag Séamaí caidé le déanamh den scéal seo ach chonaic sé an drannghháire ar aghaidh an taibhse. "Bréaga," a scairt sé le fearg. Cha raibh an taibhse sásta. "Seo anois an buíochas atá agat domh, i ndiaidh an trioblóid uilig a bhí agam le theacht ar ais agat. An bhfuil a fhios agat seo? Dá dtiontóinn do thaobh isteach is amach cha bheifeá sásta." Cha raibh Séamaí i bhfad ag teacht ar ais chuige. "Chan fhuair duine ar bith bás ariamh nach dtig déanamh gan é," a dúirt sé, agus thosaigh an racán idir an bheirt. Lean siad ar aghaidh leis an choimhlint go dtí gur thit Séamaí den chlaí agus mhúscail sé agus buidéal folamh ina lámh.



"Buíochas do Dhia," arsa Séamaí leis fhéin. "Ag aislingeacht a bhí mé. Le sin chuala sé scairt ar chúl an chlaí. D'éirigh sé agus d'amharc sé thar an chlaí. Bhí coileach mór agus aghaidh Bharnaí air ina sheasamh agus téad ar a mhuineál agus cé a bhí ina sheasamh ag a ghualainn is greim aige ar an téad ach fear mór ard dorcha le húda air a chloigeann agus speal ina lámh. Rinne an coileach iarracht briseadh ar shiúl agus rith sé chuig Séamaí ach tharraing fear an húda é ar ais. Tháinig glór Bharnaí ón choileach agus é ag impí cuidithe.

"Goitse a Shéamaí, cuidigh liom." "Archhh!" a scread Séamaí, chaith sé uaidh an buidéal agus d'imigh sé le rása síos an bealach. Deir siad nár stad sé gur bhain se pointe Chorrán Binne amach.




Seo íomhá le Robert Welch de bhuachaill agus de chailín óg ag cáitheadh arbhair i dtrátha 1900 in aice le Gáinne Mór. Ár mbuíochas do Mhícheal Ó Foirtcheirn a thug cead dúinn an pictiúr seo a úsáid.




Áit ar chúl Mhuisleac ar ghnách le cuairteoirí go dtí Óstlann Ros na Binne a dhul ag snámh ann. Tá na boscaí ar ghnách le daoine a gcuid éadaí a athrú iontu le feiceáil ar an ard.
Ár mbuíochas do Eamon Ó Riain a chuir dath ar an phictiúr seo a foilsíodh dubh agus ban in eagrán 24 de Ghuth Ghoill i 2008.

Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com